

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

# CLÁR IMBOLC 2021

IMBOLC PROGRAMME 2021

**EANÁIR – MÁRTA 2021**

**JANUARY – MARCH 2021**

zoom

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director



Fáilte go Clár Imbolc i mbliain mhór seo 2021 ina bhfuil muid ag ceiliúradh 30 bliain ó bunaíodh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich. Is tráthúil súil siar a chaitheamh ar na héachtaí a rinne na bunaitheoirí agus iad siúd a d'fhorbair an t-ionad thar na blianta. Deis atá ann fosta smaoineamh ar an todhchaí a mhúnlóimid dóibh siúd a thiocfaidh inár ndiaidh faoi stiúir an Chomhordaitheora Tionscadail nua, Deirdre Nic an tSionnaigh.

Is gearr go dtiocfaidh gile sa dúlaíocht agus an t-earrach ag druidim linn. Tá neart le ceiliúradh againn, Leabhair Feabhra, Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Seachtain na Gaeilge san áireamh. Beidh taispeántas grianghrafadóireachta againn a léiríonn stair na Cultúrlainne agus beidh cuid de na healaíontóirí, ceoltóirí, scríbhneoirí agus tráchtairí is bisiúla i saol na Gaeilge linn le siamsaíocht agus ábhar machnaimh a sholáthar dúinn.

Is ar líne a bheidh imeachtaí agus na ranganna an séasúr seo, ach táimid dóchasach go mbeidh muid in ann cruinniú faoi rachtaí an tí, atá ina sheasamh go maorga i gceantar na bhFál le 125 bliain anuas, roimh i bhfad.

Gabhaimid buíochas ó chroí lenár maoinitheoirí uilig as a dtacaíocht leanúnach, leis na healaíontóirí éagsúla agus le foireann na Cultúrlainne as an obair chrua atá déanta acu leis an chlár shaibhir seo a chur le chéile in ainneoin na srianta.

Guímid gach rath ar an iar-Stiúrthóir, Ciarán Mac Giolla Bhéin, atá i ról nua anois mar Phríomhoifigeach ar Chomhairle na Gaelscolaíochta. Tá muid fíorbhuíoch díobhse fosta as teacht ar an aistear seo linn agus tá súil againn go mbainfidh sibh sult agus spraoi as imeachtaí an earraigh agus Imbolc ag An Chultúrlann.

Welcome to Clár Imbolc 2021, a huge year for us as we celebrate 30 years since Cultúrlann McAdam Ó Fiaich was set up. It's an important milestone that gives us the opportunity to appreciate the achievements of our founders and those who've built the centre up over the years, under the guidance of our new Project Coordinator, Deirdre Nic an tSionnaigh.

Winter's darkness will soon yield to spring's light, and we have lots of events to celebrate, including Leabhra Feabhra, International Women's Day and Seachtain na Gaeilge. We have a photographic exhibition illustrating the history of An Chultúrlann, and some of our most exciting artists, musicians, writers and commentators will provide plenty of entertainment and food for thought.

Our events and classes are scheduled to take place online this season, but we're hopeful that before long we'll be able to host them in person for you, as part of a live audience, under the rafters of our beautiful building that has been standing tall and proud on Falls Road for the last 125 years.

I extend a heartfelt thanks to all our funders for their continued support, to our talented artists and to An Chultúrlann's team for their hard work in putting this rich programme of events together despite the restraints. Best wishes to our previous Director, Ciarán Mac Giolla Bhéin, who has moved to take up the role of CEO in Comhairle na Gaelscolaíochta. And gratitude, as always, to all of you who are on this journey with us. We hope you enjoy our spring and Imbolc programme at An Chultúrlann.

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoir

## Message from our principal funder



Tuigimid nach féidir le gach rud bheith go hiomlán mar an gcéanna i mbliana ach is tógáil croí nuair a fheiceann tú iarrachtaí ar leith ár n-eagraíochtaí ealaíne agus cultúrtha lena chinntiú go mbíonn fáil ag an phobal ar réimse leathan deiseanna chun a mianta cruthaitheachta a chur i gcrích. Is dócha nach raibh sé níos tábhachtaí riamh na healaíona a choinneáil beo agus ar fáil ná mar atá sé i láthair na huaire agus go deimhin tá luach agus meas níos mó orthu agus tá tógáil croí de dhíth orainn uilig le linn na tréimhse eisceachtúla seo. Sin ráite, cén t-ardú meanman ná na heispéiris spreagúla, shiamsúla, shaibhrithe, shultmhara a thagann leis na healaíona?

Mar phríomh-mhaoinitheoir bliantúil na Cultúrlainne trínár gcistí ón Chrannchur Náisiúnta agus maoiniú breise éigeandála Covid-19 ón Roinn Pobal, tá lúcháir ar an Chomhairle Ealaíon tacú leis an eochair–eagraíocht seo a chuaigh i dtaithí ar na dúshláin agus a bhí inchurtha leo. Ba ardeiseamláir iad grúpaí ealaíon agus cultúrtha ar nós na Cultúrlainne le linn na paindéime. Cuireann siad i gcuimhne dúinn go bhfuil níos mó le hofráil ag na healaíona ná caitheamh aimsire fáilteach, tá an chruthaitheacht go fóill ar cheann de rudaí is mó a thugann misneach dúinn sna laethanta seo.

**Róisín McDonough,**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

We know that nothing can be quite the same this year, but it has been really heartening to see how our arts and cultural organisations have gone that extra mile to ensure that people can still access a wide range of opportunities to pursue their creative passions. Keeping the arts alive and available has probably never been more important, and indeed more valued and appreciated, as we all need our spirits lifted during these exceptional times. And what better lift than the inspiring, entertaining, enriching and joyful experiences that come with the arts.

As the Cultúrlann's principal annual funder through our National Lottery funds, with additional emergency Covid-19 funding from the Department for Communities, the Arts Council is delighted to have been able to support this key organisation as it has adapted and risen to meet the challenges. Arts and cultural organisations such as the Cultúrlann have provided a bright light throughout the pandemic. They remind us that the arts offer more than just a welcome distraction; creativity is still, by far, one of the best tonics for our times.

**Roisín McDonough, Chief Executive,**
**Arts Council of Northern Ireland**


| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Nollaig na mBan**<br>**Little Christmas**<br>*06/01/21* | Pobal \| Community | Facebook, Instagram |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*09/01/21 \| 1:00pm* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Acmhainn Foghlama: Sláinte**<br>*11/01/21* | Óige \| Youth | Facebook, Instagram |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*11/01/21* | Óige \| Youth | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term:**<br>**Ióga le Dúnla**<br>*12/01/21 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*16/01/21 \| 1:00pm* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*20/01/21 \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term:**<br>**Ranganna Gaeilge**<br>*20/01/21 \| 7:00pm* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term:**<br>**Ranganna Gaeilge**<br>*21/01/21 \| 6:00pm* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term:**<br>**Ranganna Amhránaíochta**<br>*21/01/21 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol \| Education & Music | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term:**<br>**Rang Feadóg Stáin**<br>*21/01/21 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol \| Education & Music | zoom |
| **Ceardlann: Image of Thought**<br>*23/01/21* | Fís- Ealaíon \| Visual Arts | zoom |
| **Coirneál an Cheoil:**<br>**Jj Ó Dochartaigh**<br>*23/01/21* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Coirneál an Cheoil:**<br>**Bernadette Morris**<br>*30/01/21* | Ceol \| Music | Facebook |

Feabhra | February

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ceardlann Crosóga Bhríde**<br>*01/02/21 \| 12:00pm \| 7pm* | Pobal \| Community | zoom |
| **Acmhainn Foghlama: Imbolc**<br>*01/02/21* | Óige \| Youth | Facebook, Instagram |
| **Leabhra Feabhra**<br>*01/02/21* | Litríocht \| Literature | Facebook, Instagram |
| **Ceolchoirm Imbolc \| Imbolc Concert: Clann Mhic Ruairí**<br>*05/02/21* | Ceol \| Music | Facebook, YouTube |
| **Dianchúrsa \| Intensive Course**<br>*06/02/21* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*06/02/21 \| 1:00pm* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Dianchúrsa \| Intensive Course**<br>*07/02/21* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*13/02/21 \| 1:00pm* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*20/02/21 \| 1:00pm* | Ceol \| Music | Facebook |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*27/02/21 \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*27/02/21 \| 1.00pm* | Ceol \| Music | zoom |
| **Taispeántas Ealaíne \| Art Exhibition: Vera Ryklova**<br>*04/02/21 - 25/03/21* | Fís- Ealaíon \| Visual Arts | Web |

Márta | March

| Imeacht | Cineál Imeachta |
|---|---|
| **Taispeántas grianghrafadóireachta Photographic exhibition:** *30 Bliain ag Fás \| 22/03/21 – 20/06/21* | Fís- Ealaíon \| Visual Arts |
| **Acmhainn Foghlamtha: Mná** *01/03/21* | Óige \| Youth |
| **An Rang a Racáil \|** *Rockin' the Classroom – Branar* | Óige \| Youth |
| **Lá Idirnáisiúnta na mBan** *08/03/21* | Pobal \| Community |
| **Spéirbhean** *12 & 13/03/21* | Fís- Ealaíon \| Visual Arts |
| **Na Teangacha Ceilteacha le Diarmuid Breasláin** *13/03/21 \| 1:00pm* | Oideachas \| Education |
| **Lá Fhéile Pádraig le Clann Mhic Corraidh** *17/03/21 \| 1:30pm* | Ceol \| Music |
| **Ciorcal Léitheoireachta** *24/03/21 \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature |






## Bia

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bí agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us! To book a table, call us on **02890 964184.**





## An Ceathrú Póilí

Faoi láthair, tá an siopa oscailte 9.30rn-5.30in, Luan go Satharn. **Tá an siopa ar line – www.anceathrupoili.com – oscailte 24/7!**
Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

We are very happy to be open to the public again. For the time being, our opening hours are 9.30am-5.30pm, Mon-Sat. Our online shop – www.anceathrupoili.com – is open 24/7.
An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**www.anceathrupoili.com**



## Cumann Óige na bhFál ar Zoom

Beidh Cumann Óige na bhFál ar ais i mí Eanáir ar Zoom le seisiún do pháistí bunscoile (6-8pm) agus seisiún do dhéagóirí (8-10pm). Ar bhonn seachtainiúil bíonn ceardlanna fíorúla againn ar nós Ealaín le Conall, Biongó, Tráth na gCeist agus comórtais idirghníomhacha. Ar a bharr seo cuirimid cúrsaí forbartha pearsanta ar fáil do na déagóirí, iad dírithe ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar shábháilteacht ar líne agus ar thromaíocht agus eile. Cláraigh le sinead@culturlann.ie

Cumann Óige na bhFál is back on Zoom in January with a session for primary school children (6-8pm) and a teenagers' session (8-10pm). We're running activities such as Art with Conall, Bingo, Quiz and competitions on a weekly basis. As well as this we're running personal development courses for our teenagers focussing on Health, Mental Health, Safety Online, Bullying and more. Register with sinead@culturlann.ie

**Dé Luain**
**6-8pm**
**Páistí Bunscoile**
**8-10 Déagóirí**

zoom



## Acmhainní Foghlama:

Mar gheall ar an rath a bhí ar na míreanna seo le linn na chéad tréimhse dianghlasála, beidh Acmhainní Foghlama agus Físeáin idirghníomhacha á gcur amach againn uair sa mhí sa téarma seo ar na meáin shóisialta. Coinnígí súil amach d'ábhar oideachasúil d'ardchaighdeán agus físeáin shultmhara spraíúla ina mbeidh an chlann ar fad sásta páirt a ghlacadh!

Based on their success during the first lockdown, we'll be publishing Learning Resources and Interactive Videos on our social media pages and our website once a month. Keep an eye out for educational material of a very high standard, as well as fun and enjoyable interactive videos that the whole family can participate in!

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Sláinte

Cuirfear tús leis an Bhliain Úr agus muid ag díriú ar ár gcoirp agus ar ár n-intinní féin. Beidh gníomhaíochtaí fisiciúla againn, oidis shláintiúla, gníomhaíochtaí dírithe ar an mheabhairshláinte chomh maith le hábhar oideachasúil bunaithe ar ár sláinte choirp agus ar ár meabhairshláinte.

We're going to start the year off by focusing on our own bodies and minds. In this learning resource there will be physical activities, healthy recipes, activities based on mental health as well as educational material based on our physical and mental health.

11/01/21



# Imbolc

San Acmhainn ar leith seo, gheobhaidh tú an t-eolas ar fad atá uait ar fhéile Imbolc, é curtha ar fáil i stíl atá sothuigthe do dhaoine óga. Beidh gearrscéal úr againn bunaithe ar théama na  Féile chomh maith le réimse gníomhaíochtaí a bhaineann le Téama na Féile

In this Learning Resource you'll find all the information you're looking for on the Imbolc Festival delivered in a style that is approachable for young people. There will be a new short story based on the festival as well as a wide range of activities connected to the Celtic Festival Theme!

01/02/21




## Stair na mBan

Beidh an Acmhainn Foghlama seo dírithe ar mhná óga ach is acmhainn í seo atá tábhachtach do gach duine den phobal. Beidh cur síos ann ar réimse leathan d'ábhar tábhachtach: leabhair atá scríofa ag mná, ealaín chlúiteach atá cruthaithe ag mná, eolas ar mhná stairiúla agus i bhfad níos mó!

This Learning Resource will be directed at young women but will be important for us all! It contains a wide range of information on important books written by women, famous art created by women, information on historic women and much, much more!

01/03/21

**Féile na bPáistí |**
**Belfast Children's Festival: Young at Art**

## An Rang a Racáil |

**Rockin' the Classroom – Branar**
**Aois | Age: 4-9**

Imeacht digiteach | Delivered digitally
Cuirimid fáilte ó chroí ar ais roimh ár gcairde i bhFéile na bPáistí! Tá cuma rud beag difriúil ar chúrsaí i mbliana siocair nach féidir le páistí bheith in aon seomra le ceoltóirí agus iad ag seinm beo, ach tá togra spreagúil nua ceoil ag Branar.

Is tionscnamh ilardán é An Rang a Racáil don seomra ranga a thugann deis do pháistí agus do mhúinteoirí araon taitneamh a bhaint as amhráin, saol an cheoil a fhiosrú agus fhoghlaim faoi cheol a chumadh. Spreagfar na páistí lena rannta racála féin a scríobh!

Belfast Children's Festival favourites return this year, but with a difference! In the absence of the opportunity for school children to experience live performances Branar will bring an exciting new music project for schools. Rockin' the Classroom is a multiplatform initiative that brings the music from Branar's show Rockin' Rhymes directly into the classroom, offering children and teachers the opportunity to enjoy and explore the songs, discover the world of music and learn about music making, and inspire children to create their own rocking rhymes!

**6-13 Márta | March 2021**
**Le tuilleadh eolais agus ticéid a fháil, cuir ríomhphost chuig bookings@youngatart.co.uk**
**For further information and tickets, contact bookings@youngatart.co.uk**

YOUNG at ART








# Nollaig na mBan

## Little Christmas

Agus muid ag ceiliúradh an tseantraidisiúin Éireannaigh Nollaig na mBan, beidh meascán galánta de cheol, de litríocht agus d'amhránaíocht againn a bhuí le mná tal-lannacha lena n-áirítear Réaltán Ní Leannáin, Mairéad Ní Mhaonaigh, Ciara Ní É agus eile. Craolfar mír éagsúil ar bhuille na huaire ar ár meáin shóisialta (1:00- 7:00pm).

As we celebrate the old Irish tradition of Little Christmas, we will have a wonderful mix of music, literature and singing from a plethora of fantastically talented women including Réaltán Ní Leannáin, Mairéad Ní Mhaonaigh, Ciara Ní É and more. A different segment will be broadcast across our social media platforms on the hour between 1:00 - 7:00pm

1:00pm - Ná Rudaí Beaga le Ciara Ní É
2:00pm - Tá Mé i Mo Shuí le Máiréad Ní Mhaonaigh
3:00pm - Léamh as 'Cití na gCártaí' le Réaltán Ní Leannáin
4:00pm - Coinsias, Corp & Croí le Gráinne Holland
5:00pm - Comhrá gan Mhaith le Sinéad Ní Thuamáin
6:00pm - Faoiseamh a Gheobhadsa le Zoe Conway & John McIntyre
7:00pm - Léamh as 'Múscail, a Ghiorria' le hEithne Ní Ghallchobhair

05/01/21


BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE










# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn nuair a chraolfar beo scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe ar ár leathanach Facebook.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians which will be streamed live on our Facebook page.

09/01/21 - Stephen & Brendan Loughran
16/01/21 - Treasa Ní Bhanna
23/01/21 - JJ Ó Dochartaigh
30/01/21 - Bernadette Morris

**Tuilleadh le fógairt | More to be announced**
**1:00 - 1:45pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




## Leabhra Feabhra i gcomhar le Love Leabhar Gaeilge

Tá an siopa leabhar An Ceathrú Póilí mar dhlúthchuid den Chultúrlann ó osclaíodh an t-ionad i 1991. Agus muid ag ceiliúradh Leabhra Feabhra na bliana seo, beidh sraith físeán ag dul amach ar na meáin shóisialta ina mbeidh léitheoirí, údair agus foilsitheoiríag labhairt linn faoi chiúrsaí leabhar.

An Ceathrú Póilí bookshop has been a vital part of An Chultúrlann since the centre opened in 1991. As part of this year's Leabhra Feabhra, there will be a series of videos going out across our social media platforms with readers, authors and publishers talking all things books.

01/02/21

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Ó Réada go Scéalta ceardlann scríbhneoireachta chruthaithí agus líníochta

## From Objects to Narrative - a creative writing | drawing workshop

Is cuireadh é an cheardlann seo le dul i ngleic le saothar an Drawing Journal agus a dtaispeántas, Íomhá na Smaointeoireachta, le do scileanna scríbhneoireacht cruthaithí agus líníochta a fhorbairt, bunaithe ar chuimhní cinn pearsanta agus réada a thugann rannpháirtithe chuig an cheardlann.
Beidh an chéad sciar den cheardlann éascaithe ag Niamh Clarke agus Doris Rohr le tacaíocht ó Tamzin Ashcroft.
Beidh an dara sciar den cheardlann éascaithe ag Tamzin Ashcroft le tacaíocht ó Niamh Clarke agus Doris Rohr Mairfidh an cheardlann iomlán 3 uair a chloig agus tá sé teoranta do 12 rannpháirtí

**Tabhair leat na nithe seo a leanas:**

**Riachtanach:**

Réad nó roinnt réada a bhfuil a chiallaíonn rud pearsanta duit
Peann/leabhar nóta, peann luaidhe, cuimilteoir

**Roghnach:**

Rialóir, gualach, cailc, pastal
Ní mór do na rannpháirtithe a chinntiú go bhfuil fáil acu ar Zoom. Tá feidhm físe inmhianaithe.
Beidh an cheardlann seo i mBéarla
This workshop is an invitation to respond to the work from the Drawing Journal: Image of Thought Exhibition, to develop creative writing and drawing based on personal memory and objects participants will bring to the workshop.
Part 1 of the workshop will be led by Niamh Clarke and Doris Rohr with support from Tamzin Ashcroft
Part 2 of the workshop will be led by Tamzin Ashcroft with support from Niamh Clarke and Doris Rohr.
The overall workshop will be approximately 3 hours long and is limited to 12 participants.

**You need to bring:**

**Essential:**

An object or several objects of personal relevance
Pen/notebook, pencil, eraser

**Optional:**

Ruler, charcoal, chalk, pastel.
Participants should ensure that they can download zoom. A video function is desirable.
This workshop will be facilitated in English

**23/01/21 10 - 1pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Ceardlann Crosóga Bhríde

'Anois teacht an Earraigh agus tá an lá ag dul chun síneadh. Is tar éis na Féil' Bríde ardóidh mé mo sheol!' Ní bheidh aon duine ag ardú aon seol gan Crosóg Bhríde bheith acu agus má tá tú ag iarraidh an tseancheird seo a fhoghlaim bí linn do na ceardlanna saor in aisce seo a éascóidh Cormac Ó Donnghaile.
Feagacha le bailiú ón Chultúrlann.


As spring approaches, the famous lines from the poet Raiftearaí (Raftery) come to mind, 'Now with the coming of spring, the day lengthens. And after St Brigid's Day, I will raise my sail!.'
No one will be raising a sail without a St. Brigid's Cross and if you want to learn this ancient craft join us for these free workshops facilitated by Cormac Ó Donnghaile.
Rushes to be collected from Cultúrlann.

**01/02/20 12pm & 7pm**
**Clárú | Registration:**
**fionnuala@culturlann.ie**

zoom





# Taispeántas Ealaíne: 30 Bliain ag Fás

## 30 Years a Growing

Déanann an taispeántas grianghrafadóireachta seo ceiliúradh ar 30 bliain bheoga de Chultúrlann McAdam Ó Fiaich i 2021! Ag tarraingt ónár gcartlann féin, ón Ghrúpa Meán Bhéal Feirste agus ó bhailiúcháin phríobháideacha an phobail, tugann an cnuasach ar líne seo de thríocha grianghraf léargas fíorshuimiúil ar stair agus ar oidhreacht na Cultúrlainne i gcaitheamh na mblianta.

Bunaíodh An Chultúrlann sa tsean-Eaglais Phreispitéireach ag Broadway 30 bliain ó shin, in 1991 le cóiríocht a sholáthar don iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, Meánscoil Feirste, a raibh 9 ndalta aici ag an am agus a leathnaigh níos faide ná na ballaí seo ó shin le rolla de 900.
D'fhógair oscailt na Cultúrlainne tús le ré nua. Den chéad uair, bhí áit chruinnithe i rith an lae ag Gaeilgeoirí Bhéal Feirste agus ag Gaeilgeoirí níos faide ó bhaile. Bhog gnólachtaí éagsúla agus ealaíontóirí aonair isteach agus, go dtí an lá atá inniu ann, is mol cruthaitheach









1991-2021
30
CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

agus nuálach é an t-ionad do na healaíona, don chultúr, do sholáthar don óige, don bhreisoideachas agus don iriseoireacht. Cuirtear fearadh na fáilte inti roimh an phobal le sult a bhaint as na himeachtaí agus as cuideachta cairde, sean agus nua.

This photographic exhibition celebrates 30 vibrant years of Cultúrlann McAdam Ó Fiaich in 2021! Drawing from our own archive, that of the Belfast Media Group and private collections, this online compilation of thirty photographs gives an intriguing insight into the history and heritage of An Chultúrlann over the years. An Chultúrlann was established in the old Broadway Presbyterian Church 30 years ago, in 1991, to provide accommodation for the newly-established post-primary Irish medium school, Meánscoil Feirste, which at the time had 9 pupils and has since expanded beyond these walls with a roll of 900.

The opening of An Chultúrlann heralded a new dawn. For the first time, Irish speakers in Belfast and from further afield had a place to gather during the day. Various enterprises and individual artists moved in and, to this day, the centre is a hub of creativity and innovation for the arts, culture, youth provision, further education and journalism. For the public, it is a warm, welcoming place to enjoy the events and company of friends, old and new.

**22/03/21 – 20/06/21**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Taispeántas Ealaíne: Aesthetic Distance le Vera Ryklova

Úsáideann Vera Ryklova a corp agus a taithí féin ina cuid oibre chun réadúlacht na mban a léiriú don phobal i gcoitinne.
Is físealaíontóir í Vera Ryklova atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a oibríonn i meáin lionsa-bhunaithe. Agus í ag obair os comhair an cheamara, léiríonn sí sraith de phortráidí agus d'fhéinphortráidí fotagrafach agus físe.

In her practice Ryklova employs her own body and experience to expose women's reality to the public eye.
Vera Ryklova is a Dublin based visual artist, working in lens-based media. Performing to the camera she produces series of photographic and video (self-)portraits.

—

**Image credit:**
**Vera Ryklova, Untitled #7009, from Aesthetic Distance, 2015. Medium format colour photographic film, scanned negative.**

**04/02/21 – 25/03/21**




IMBOLC

# Ceolchoirm Imbolc

Is féile dhúchasach Cheilteach í Imbolc a thiteann amach idir grian-stad an gheimhridh agus cónocht an earraigh. Comórann an fhéile tús an Earraigh is siombal í de thorthúlacht an tséasúir. Tá Imbolc  ar cheann de cheithre fhéile shéasúracha Ghaelacha lena n-áirítear Bealtaine, Lúnasa agus Samhain chomh maith. B'fhéile phágánach i dtosach í in ómós don bhandia Bríd agus dhéanadh cailíní óga crosóga Bhríde agus thugadh siad bábóg ar tugadh Brídeog uirthi ó theach go teach mar chreid daoine gur tháinig Bríd ar cuairteanna tí le linn Imbolc. Le beannachtaí Bhríde a chinntiú, bhíodh sé de nós ag daoine leaba, cothú agus éadaí a fhágáil taobh amuigh den teach. Guitear ar Bhríd tithe cónaithe agus eallach a chosaint.Imbolc takes place between the winter solstice and spring equinox. Is an indigenous Celtic traditional festival marking the beginning of spring and as the festival name suggests, symbolises the fertility of the season. It is one of the four Gaelic seasonal festivals—along with Bealtaine, Lughnasa and Samhain. Imbolc was originally a pagan festival associated with the goddess Brigid, Brigid's crosses were made and a doll-like figure of Brigid (a Brídeog) would be paraded from house-to-house by girls. Brigid was said to visit one's home at Imbolc. To receive her blessings, people would make a bed for Brigid and leave her food and drink, and items of clothing would be left outside for her to bless. Brigid was also invoked to protect homes and livestock.

Mar chéiliúradh ar an fhéile, tá lúcháir orainn ceolchoirm ar líne a chur i láthair an phobail le plúr na gceoltóirí agus na n-amhránaithe traidisiúnta.

In celebration of the festival, we are delighted to present an online concert with traditional musicians and singers at the very peak of their powers.

**05/02/21 | 8:30pm**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Lá Idirnáisiúnta na mBan

**International Women's Day**

Mar cheiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, beidh banealaíontóirí ag dul siar ar bhóithrín na smaointe le baill foirne na Cultúrlainne le plé a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an Chultúrlann ar shaothar s'acu agus ar an tionchar a bhí acu agus ag a gcruthaitheacht ar an Chultúrlann.

In celebration and recognition of International Women's Day, female artists from across various art forms will take a trip down memory lane with Cultúrlann staff to discuss the impact that Cultúrlann had on their work and furthermore, the impact they and their creativity have had on the Cultúrlann.

08/03/21





## Spéirbhean

Píosa úrnua tras-ealaíon ón scríbhneoir Máire Zepf, an damhsóir Clara Kerr agus an grianghrafadóir Jo Guthrie, a amharcann ar an dearcadh a bhíonn ag mná i leith a gcorp féin ag amanna éagsúla dá saol. Coinnigh súil amach anseo fá choinne tuilleadh eolais ar an saothar spreagúil, corp-dhearfach seo a thabharfaidh ábhar machnaimh dúinn uilig.

A brand new cross-artform piece from writer Máire Zepf, dancer Clara Kerr and photographer/videographer Jo Guthrie, looking at how women inhabit their bodies throughout the span of their lives. Watch this space for more information on this upbeat, body-positive and thought-provoking work.

**Tuilleadh eolais ar ball | Further information to be announced.**

Quotidian WORD On The Street

12/03/21 | 13/03/21

# Lá Fhéile Pádraig le Clann Mhic Corraidh

Beidh Clann Mhic Corraidh, a bhfuil clú orthu mar cheoltóirí den scoth, ag cur fonn ceiliúrtha na Féile Pádraig orainn i mbliana. Is amhránaí clúiteach an t-athair Seán agus tá Seán Óg ina bhall den bhanna ceoil 'The Rising of the Moon'. Beidh meascán d'amhráin, poirt, ríleanna, scéalta agus craic i nGaeilge agus i mBéarla.

The musical Mac Corraidh Clann will ensure a lively St Patrick's Day celebration. Father Seán is a well known folk singer whilst Seán Óg is a member of The Rising of the Moon folk band. They will be doing a special performance with a mixture of songs, jigs, reels, stories and craic both in Irish and in English.

**17/03/2021 | 1:30 - 3:00pm**


Scioból
an
Cheoil



## Muintearas Filíochta

### Belonging through Poetry

Ag teacht sna sála ar an chomórtas rathúil filíochta, d'fhógair muid go gcuirfí fáilte roimh dhánta ó gach cearn den tír. Ó shin i leith, tá saothar filíochta den scoth faighte againn a thugann misneach dúinn. Tá an togra seo ag dul ar aghaidh i rith an ama agus is féidir bhur ndánta a sheoladh chuig caoimhin@culturlann.ie Cuirfear amach ar ardáin éagsúla na Cultúrlainne iad.

Building on our hugely successful poetry competition, we invited poems to be sent in from all over the country and they can be read on our social media platforms. We have been overwhelmed by the volume and quality of the material submitted. Keep them coming! You can forward your poems to caoimhin@culturlann.ie They will be shared across our social media platform

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Comórtas Filíochta 2021

Agus muid ag tógáil ar an chéad chomórtas níba luaithe i mbliana, beidh muid ag cur fáilte roimh iontrálacha don dara comórtas ar an bhliain seo chugainn. 'Oidhreacht' an téama a bheas i gceist agus muid ag ceiliúradh 30 bliain na Cultúrlainne. Coinnigh súil ar ár suíomh agus ar na meáin shóisialta le haghaidh tuilleadh eolais go luath sa bhliain úr.

Building on our successful inaugural poetry competition, we look forward to launching our second competition in 2021. Our theme next year will be 'Heritage' as we celebrate 30 years of An Chultúrlann. Keep an eye on our website and social media for more details early in the new year.




## Ranganna Gaeilge

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an dara téarma den bhliain acadúil seo. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil a chuimsíonn Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardrang.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie

Cultúrlann's Irish classes continue on to the second term of this academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level.
You can register or get additional information through contacting **fionnuala@culturlann.ie**

**20ú Eanáir - 31ú Márta**
**Sos lár téarma - 17/03/21**
**20 January - 31 March**
**Midterm break - 17/03/21**
**7.00pm**
**2x seisiún 40 bom |**
**2x 40 minute sessions**
**10 seachtaine/ 10 weeks**
**Costas: £30**



## Ranganna Amhránaíochta

### Sean-nós Singing Classes

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le fionnuala@culturlann.ie

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks.
You can register or get more info by contacting fionnuala@culturlann.ie

**21ú Eanáir – 25ú Feabhra**
**21 January – 25 February**
**6.00pm**
**2x seisiún 40 bom |**
**2x 40 minute sessions**
**6 seachtaine / 6 weeks**

zoom



## Rang Feadóg Stáin


### Tin Whistle Class

Seo deis duit scil nua a bhaint amach agus tú ag foghlaim an dóigh leis an Feadóg Stáin a sheinm leis an che-oltóir Cormac 'Buzz' Ó Briain ar líne. Tá an rang seo dírithe ar ghlanto-saitheoirí, ach tá fáilte roimh daoine de gach leibhéal cumais. Is cúrsa 10 seachtaine é seo ina bhfoghlaimeoidh tú na buneilimintí a bhaineann leis an fheadóg stáin a sheinm. £35 don chúrsa, feadóg stáin san áireamh (Seolfar amach chugat é sa phost nó is féidir é a bailiú ón Chultúrlann)
Le haghaidh tuilleadh eolais nó le clárú don chúrsa, déan teagmháil le fionnuala@culturlann.ie

This is your chance to gain a new skill and learn how to play the tin whistle with musician Cormac 'Buzz' Ó Briain online. This class is aimed at complete beginners, although people of all levels are welcome to join. This is a 10 week course where you will learn the basics of playing the tin whistle. £35 per course. Tin whistle included (sent in post or collect from Cultúrlann)
You can register or get more info by contacting fionnuala@culturlann.ie

**21ú Eanáir- 1ú Aibreán**
**21 January – 1 April**
**6.00pm**
**2x seisiún 40 nóiméad |**
**2x 40 minute sessions**
**Sos lár téarma | Mid-term break: 18/03/21**

zoom



# Íoga le Dunla

## Yoga with Dunla

Breathnaíonn an rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang dátheangach seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

**Ag tosú | Beginning 12/01/21**
**7.00pm**
**Rang seachtainiúil | Weekly class**
**Clárú | Register:**
**fionnuala@culturlann.ie**

zoom



## Leideanna Foghlama
### Hints for Learning

Áis bhreise dóibh siúd atá ag foghlaim na Gaeilge, dírithe ar óg agus ar aosta. Tá an-ráchairt ar na postálacha seo, go háirithe i measc daoine a bhfuil páistí óga ar Ghaelscoileanna acu.

An additional resource for those of you learning Irish, both young and old. These posts have gained huge traction recently, especially among parents with children at Gaelscoileanna.

**Dé Máirt agus Dé hAoine 10am**
**Tuesday and Friday at 10am**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



# Ciorcal Léitheoireachta

## Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta, Dé Céadaoin 20 Eanáir @ 6.30in. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, come to the first get-together of the year of the Ciorcal Léitheoireachta on Wednesday 20 January @ 6.30. Fáilte roimh achan duine.
Dátaí:
Dé Céadaoin 20 Eanáir 18.30
Dé Céadaoin 24 Feabhra 18.30
Dé Céadaoin 24 Márta18.30

**Déan teagmháil le fionnuala@culturlann le clárú agus le tuilleadh eolais a fháil.**

zoom



## Dianchúrsa Gaeilge


Tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh d'achar ama gairid. Cúrsa spreagúil eolach a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat as do chumas Gaeilge.
Is iad na leibhéil atá againn ná:
Bunrang – Meánrang – Ardrang

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level.

Déan teagmháil le **fionnuala@culturlann.ie** le clárú agus le tuilleadh eolais a fháil.

**The levels we offer are:**
**Beginner – Intermediate – Advanced**
**Dé Sathairn 6ú &**
**Dé Domhnaigh 7ú Feabhra**
**Saturday 6 & Sunday 7 February**
**11am -1pm: 3 x seisiún 40 bomaite**
**Costas: £10**

zoom



## Stair na 5 teanga Cheilteacha

### le Diarmuid Ó Breasláin

Gearrchuntas ar stair na 5 theanga Cheilteacha eile (Gàidhlig, Manainnis, Breatnais, Coirnis agus Briotáinis) ó luathamanna. Déanfar cur síos ar na príomhimeachtaí, ar scríbhneoirí clúiteacha agus ar leathadh geografach na dteangacha. Pléifear a meath agus, go deimhin, i gcás achan cheann acu, a n-athbheochan. Féachfar freisin ar chosúlachtaí idir na teangacha.

This one hour talk in English will cover brief histories of the 5 other Celtic language (Scots Gaelic, Manx, Welsh, Cornish and Breton) from early times, The talk will touch on main events, writers and geographical spread as well as decline and, happily, in all cases, the ongoing and very positive revivals being experienced by these language. Similarities between the languages will also be looked at.

**Dé Sathairn 13ú Márta**
**Saturday 13 March**
**1pm- 2pm**
**Deán teagmháil le fionnuala@culturlann.ie le clárú nó le tuilleadh eolais a fháil.**

zoom

## Na Meáin Shóisialta

### Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair ‘like’ dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil. Coinnígí i dteagmháil linn agus bígí cinnte bhur bhfíseáin agus bhur ngrianghraif féin a roinnt linn más rud é go mbíonn sibh ag cleachtadh d’Airneál na nÓg sa bhaile, ag leanstan ceachtanna ealaíne Dhrithle, nó fiú ag baint sult as na ceolchoirmeacha ar líne sa bhaile! Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus sibh ag fanacht slán sábháilte sa bhaile i láthair na huaire.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained. Please keep in contact with us and send us your pictures and videos from home if you are practising with our music school, following Drithle’s online art classes or even just relaxing and enjoying the concerts at home! We’d love to hear from you as you stay safe and sound at home.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

arts council LOTTERY FUNDED

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

An Roinn Pobal